Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/350

22.1.2024

**CINNEADH (AE) 2024/350 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Nollaig 2023**

**maidir le comhlíonadh na mbeart ceartaitheach arna dtíolacadh ag an mBeilg le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi le doiciméad C (2023) 8616)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 ([2]), agus go háirithe Airteagal 15(7), an dara mír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

(1) Tar éis an scrúdaithe mhionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 15(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, shuigh an Coimisiún go raibh na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (TT3).

(2) Dá bhrí sin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336 ón gCoimisiún ([3]), ceanglaíodh ar an mBeilg agus ar Lucsamburg bearta ceartaitheacha a shainiú agus a chur in iúl don Choimisiún, ar bearta iad a ceapadh chun comhsheasmhacht a bhaint amach maidir lena spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta náisiúnta leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais le haghaidh TT3. Bhí na bearta ceartaitheacha sin le cur i bhfeidhm mar chuid de na dréachtphleananna feidhmíochta críochnaitheacha arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta ag an mBeilg agus ag Lucsamburg faoi seach.

(3) An 16 Meán Fómhair 2023, chuir an Bheilg faoi bhráid an Choimisiúin, lena mheasúnú, an chéad leagan dá dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, lena n-áirítear bearta ceartaitheacha. Tar éis iomláine a fhíorú, d'iarr an Coimisiún ar an mBeilg a dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach a thabhairt cothrom le dáta chun é a chomhlánú maidir le heilimintí áirithe atá in easnamh agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shainaitheanta áirithe. Leis an gCinneadh seo, déantar measúnú ar an leagan nuashonraithe sin den dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, lena n-áirítear bearta ceartaitheacha ('an dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach') a chuir an Bheilg faoi bhráid an Choimisiúin an 7 Samhain 2023.

(4) An Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta ('PRB'), a thugann cúnamh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, chuir sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach na Beilge lena n-áirítear bearta ceartaitheacha.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj
([2]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2023 maidir le bearta ceartaitheacha atá le déanamh ag an mBeilg agus ag Lucsamburg maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe le haghaidh an tríú tréimhse thagartha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 166, 30.6.2023, lch. 119, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1336/oj).

(5) Aontaíonn an Bheilg go heisceachtúil lena cearta de bhun Airteagal 342 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán 1/ ([4]), a tharscaoileadh agus le go nglacfar an Cinneadh seo, agus go dtabharfar fógra faoi, as Béarla.

**MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN**

**Raon Feidhme**

(6) De bhun Airteagal 15(7), an chéad mhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na bearta ceartaitheacha a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach le measúnú chun a chinneadh an bhfuil siad leordhóthanach chun comhlíonadh na mbeart ceartaitheach a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336 a áirithiú agus, dá bhrí sin, comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT3 a áirithiú. Bhunaigh an Bheilg agus Lucsamburg na bearta ceartaitheacha sin go comhpháirteach dá limistéar muirearaithe comhchoiteann.

(7) Tugann an Coimisiún faoi deara go leanann na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta, inniúlachta agus comhshaoil a leagtar síos sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe de bheith gan athrú sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach. Níor chuir an Coimisiún aon ábhar imní in iúl maidir leis na spriocanna feidhmíochta sin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta, inniúlachta agus comhshaoil a mheas mar spriocanna atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha ar fud an Aontais.

**Bearta ceartaitheacha arna saincheapadh chun comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais a bhaint amach faoi réir mheasúnú an Choimisiúin**

*Bearta ceartaitheacha*

(8) Tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, go bunúsach, na bearta ceartaitheacha seo a leanas i leith na soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta lena mbaineann, is é sin skeyes agus Lárionad Rialaithe Limistéar Uachtarach Maastricht ('MUAC'):

(a) athbhreithniú ar bhonn costais skeyes agus ar bhonn costais MUAC do na blianta 2023 agus 2024 ('Beart Ceartaitheach A');

(b) aisíocaíocht le húsáideoirí aerspáis, is é sin aisíocaíocht an bharrachais ón mbliain féilire 2022 mar thoradh ar an difríocht idir na costais arna suí agus na costais iarbhír ('Beart Ceartaitheach B');

(c) aisíocaíocht le húsáideoirí aerspáis ar mhéideanna a muirearaíodh sa dara tréimhse tagartha ('TT2') i leith infheistíochtaí a cuireadh siar nó a cuireadh ar ceal i sócmhainní seasta ('Beart Ceartaitheach C').

(9) Mar chuid den dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, chuir an Bheilg de chúram ar shainchomhairleoir neamhspleách athbhreithniú comhlíontachta a dhéanamh, le linn shamhradh 2023, ar skeyes agus ar MUAC ('an t-athbhreithniú ar chomhlíonadh skeyes agus MUAC') i ndáil leis na torthaí a leag an Coimisiún amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336. Roinn an Bheilg an tuarascáil chríochnaitheach ar an athbhreithniú ar chomhlíonadh le seirbhísí an Choimisiúin an 3 Deireadh Fómhair 2023. Míníonn an Bheilg gur cuireadh torthaí an athbhreithnithe ar chomhlíonadh san áireamh chun na bearta ceartaitheacha a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach a bhunú.

Beart Ceartaitheach A

(10) Is éard atá i mBeart Ceartaitheach A laghdú i dtéarmaí réadacha i leith na gcostas arna suí a bhaineann le skeyes agus MUAC i leith na mblianta 2023 agus 2024. Tá sé beartaithe go mbeidh laghdú costais iomlán EUR 12,9 milliún, arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha i bpraghsanna 2017 ('EUR 2017'), agus laghdú costais iomlán EUR 9,1 milliún don bhliain 2024 arna shloinneadh in EUR 2017, mar thoradh ar an mbeart ceartaitheach sin don bhliain 2023.

(11) Cuirtear i láthair sa tábla thíos éifeacht Bheart Ceartaitheach A ar chostais arna suí mar atá miondealaithe idir skeyes agus MUAC.

([4]) OJ 17, 6.10.1958, p. 385/58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1958/1(1)/oj

| Beart Ceartaitheach A | Tionchar ar na costais arna suí in 2023, arna shloinneadh in EUR 2017 | Tionchar ar na costais arna suí in 2024, arna shloinneadh in EUR 2017 |
|---|---|---|
| skeyes | EUR - 4,6 milliún | EUR - 4,0 milliún |
| MUAC | EUR - 8,2 milliún | EUR - 5,0 milliún |
| **Iomlán** | **EUR - 12,9 milliún** | **EUR - 9,1 milliún** |

(12) Tugann an Coimisiún dá aire go rannchuidíonn Beart Ceartaitheach A leis an laghdú foriomlán ar an mbonn costais do limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg in 2023 agus 2024 agus go bhfuil laghdú ar na costais oibriúcháin, lena n-áirítear costais foirne agus costais oibriúcháin eile, a bhaineann le skeyes agus MUAC araon mar thoradh air, mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

Beart Ceartaitheach B

(13) Baineann Beart Ceartaitheach B le haisíocaíocht le húsáideoirí aerspáis an bharrachais ón mbliain féilire 2022 a thagann as an difríocht idir na costais arna suí agus na costais iarbhír. Cuimsítear sa bharrachas sin go sonrach an t-iarmhéid idir na costais arna suí agus na costais iarbhír a bhaineann le costais foirne agus costais oibriúcháin eile skeyes agus MUAC do 2022. Eisiatar difríochtaí costais do 2022 a bhaineann le costais dímheasa agus costas an chaipitil ó raon feidhme Bheart Ceartaitheach B, ós rud é go bhfuil na difríochtaí sin faoi réir na rialacha maidir le comhroinnt riosca costais a leagtar amach in Airteagal 28(3)(a) agus Airteagal 28(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(14) Tá sé beartaithe go mbeidh éifeachtaí ag Beart Ceartaitheach B trí laghdú costais aonuaire 7,7 milliún EUR in EUR 2017 do bhliain 2024, mar atá miondealaithe sa tábla thíos idir skeyes agus MUAC.

| Beart Ceartaitheach B | Tionchar ar na costais arna suí in 2024, arna shloinneadh in EUR 2017 |
|---|---|
| skeyes | EUR - 0,1 milliún |
| MUAC | EUR - 7,6 milliún |
| **Iomlán** | **EUR - 7,7 milliún** |

(15) Tugann an Coimisiún dá aire go rannchuidíonn Beart Ceartaitheach B le laghdú foriomlán na gcostas arna suí a bhaineann le skeyes agus MUAC do 2024, mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

Beart Ceartaitheach C

(16) Baineann Beart Ceartaitheach C le haisíocaíocht le húsáideoirí aerspáis ar chaiteachas caipitil nár caitheadh in TT2 a bhaineann le hinfheistíochtaí a cuireadh siar nó a cuireadh ar ceal i sócmhainní seasta.

(17) Chinn an Coimisiún gurb amhlaidh, le linn TT2, a chuir skeyes agus MUAC roinnt infheistíochtaí beartaithe i sócmhainní seasta ar athló nó a chealaigh siad iad, ar infheistíochtaí iad a bhí mar chuid de phlean feidhmíochta TT2. Muirearaíodh na hinfheistíochtaí sin go páirteach ar úsáideoirí aerspáis mar chuid den bhonn costais TT2 le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg d'ainneoin nár forghníomhaíodh na hinfheistíochtaí sin agus dá réir sin nár soláthraíodh na tairbhí oibríochtúla lena raibh coinne. De bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, d'iarr an Coimisiún, dá bhrí sin, ar údaráis mhaoirseachta náisiúnta na Beilge agus Lucsamburg a fhíorú nach ndearnadh na costais a muirearaíodh in TT2 le haghaidh na n-infheistíochtaí a cuireadh ar ceal agus ar ar cuireadh moill i sócmhainní seasta a mhuirearú faoi dhó ar úsáideoirí aerspáis i gcás inar tháinig na hinfheistíochtaí sin chun cinn ag tráth níos déanaí.

(18) Léiríonn an Bheilg, sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, go bhfuarthas amach san athbhreithniú ar chomhlíontacht skeyes agus MUAC go bhfuil méideanna áirithe a chuimsítear i mbonn costais TT3 le haisíoc le húsáideoirí go deimhin chun muirear dúbailte le haghaidh infheistíochtaí a chuirtear ar ceal nó a cuireadh siar in TT2 a sheachaint. Chuige sin, tá laghdú costais aonuaire EUR 6,1 milliún arna shloinneadh in EUR 2017 le cur i bhfeidhm don bhliain 2024, arna mhiondealú idir skeyes agus MUAC i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

| Beart Ceartaitheach C | Tionchar ar na costais arna suí in 2024, arna shloinneadh in EUR 2017 |
|---|---|
| skeyes | EUR - 4,4 illiún |
| MUAC | EUR - 1,6 milliún |
| **Iomlán** | **EUR - 6,1 milliún** |

(19) I ndáil le skeyes, tugann an Coimisiún dá aire nach n-eascraíonn ach aisíocaíocht pháirteach ar na costais nár caitheadh ar úsáideoirí in TT2 as na hinfheistíochtaí a cuireadh ar ceal agus ar cuireadh moill orthu i sócmhainní seasta mar thoradh ar Bheart Ceartaitheach C. I gcomhréir leis an anailís a rinne an PRB agus a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, ghearr skeyes EUR 7.8 milliún san iomlán in TT2 i leith infheistíochtaí nár tháinig chun cinn le linn na tréimhse tagartha sin.

(20) Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire go rannchuidíonn Beart Ceartaitheach B le laghdú foriomlán na gcostas arna suí a bhaineann le skeyes agus MUAC do 2024, mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

*Spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe*

(21) Leagtar amach sa tábla seo a leanas na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta *faoi bhealach* le haghaidh TT3 le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe agus na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe comhfhreagracha atá sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach.

| **Limistéar muirearaithe *faoi bhealach* na Beilge-Lucsamburg** | **Luach bonnlíne 2014** | **Luach bonnlíne 2019** | **2020 - 2021** | **2022** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha i bpraghsanna 2017)* | *EUR 81,78* | *EUR 83,26* | *EUR 189,52* | *EUR 104,47* | *EUR 94,18* | *EUR 89,87* |
| **Spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe atá sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach**, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha i bpraghsanna 2017) | *EUR* **81,78** | *EUR* **83,26** | *EUR* **189,52** | *EUR* **104,47** | *EUR* **90,34** | *EUR* **80,26** |

(22) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna an Bheilg athbhreithniú síos ar a spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh 2023 agus 2024 sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach. Is éard atá san athbhreithniú síos sin neaslaghdú ar an gcostas aonaid arna shuí ('CAAS'): is sin 4.1 % le haghaidh 2023 agus 10.7 % le haghaidh 2024. Tugann an Coimisiún dá aire go leanann na luachanna bonnlíne le haghaidh 2014 agus 2019 de bheith gan athrú sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach i gcomparáid leis an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe.

(23) Rinneadh an réamhaisnéis tráchta is bun leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg a nuashonrú mar chuid den dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach agus tá sé i gcomhréir le réamhaisnéis tráchta bonnlíne Eurocontrol STATFOR, mí an Mhárta 2023. Leagtar amach sa tábla seo a leanas na toimhdí tráchta, a athbhreithníodh síos le haghaidh 2023 (le héifeacht dhiúltach ar an CAAS) agus a athbhreithníodh suas le haghaidh 2024 (le héifeacht dhearfach ar an CAAS).

| **Limistéar muirearaithe *faoi bhealach* na Beilge-Lucsamburg** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|
| *Réamhaisnéis tráchta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, arna sloinneadh ina mílte aonad seirbhíse faoi bhealach* | *2 445* | *2 542* |
| **Réamhaisnéis nuashonraithe tráchta atá sna dréachtphleananna feidhmíochta críochnaitheach**, arna sloinneadh ina mílte aonad seirbhíse *faoi bhealach* | **2 404** | **2 560** |
| **Difríocht** | **- 1,7 %** | **+ 0,7 %** |

*Costais arna suí do na blianta féilire 2023 agus 2024*

(24) Léirítear sa tábla seo a leanas na costais athbhreithnithe arna suí i dtéarmaí réadacha, arna sloinneadh in EUR 2017, do na blianta féilire 2023 agus 2024, a eascraíonn as na bearta ceartaitheacha dá dtagraítear in aithrisí 8 go 19 a chur i bhfeidhm agus as coigeartuithe eile a chuirtear i bhfeidhm sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach:

| **Limistéar muirearaithe *faoi bhealach* na Beilge-Lucsamburg** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|
| *Na costais arna suí in EUR 2017, mar a leagtar síos sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe* | *EUR 230,2 milliún* | *EUR 228,5 milliún* |
| **Na costais arna suí in** EUR 2017, mar a leagtar síos sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe | EUR 217,2 milliún | EUR 205,5 milliún |
| **An difríocht** arna sloinneadh in EUR 2017 agus i gcéatadán | **EUR - 13,1 milliún**<br>- 5,7 % | **EUR - 23,0 milliún**<br>- 10,1 % |

(25) I gcomparáid leis an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, is éard atá in éifeacht chomhcheangailte na mbeart ceartaitheach arna suí sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach ar bhonn costais limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg ná EUR – 12,8 milliún arna sloinneadh in EUR 2017 don bhliain 2023 agus EUR – 22,7 milliún arna sloinneadh in EUR 2017 don bhliain 2024. Laghduithe breise ar chostais iarmharacha EUR 0,3 milliún arna sloinneadh in EUR 2017 le haghaidh 2023 agus EUR 0,2 milliún arna sloinneadh in EUR 2017 le haghaidh 2024 ó choigeartuithe arna ndéanamh maidir le bonn costais Riarachán Aerloingseoireachta Lucsamburg agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta na Beilge agus Lucsamburg faoi seach.

(26) De bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh na costais arna suí i leith Riarachán Aerloingseoireachta Lucsamburg agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta na Beilge agus Lucsamburg ina gcúis imní. Tá na torthaí gaolmhara a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336 fós bailí, ós rud é nach ndearnadh aon athruithe móra sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach maidir leis na comhpháirteanna costais sin.

**Measúnú ar na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe**

*Measúnú ar na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4 (a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317*

(27) Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b), agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún.

(28) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go sáraíonn an treocht CAAS faoi bhealach ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, – 0,9 %, an treocht ar fud an Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.

(29) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an treocht CAAS fhadtéarmach faoi bhealach le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá – 0,2 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach ar fud an Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá – 1,3 %.

(30) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne le haghaidh CAAS de EUR 83,26 de limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg arna shloinneadh in EUR 2017 13,2 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha de EUR 73,53 arna shloinneadh in EUR 2017.

*Measúnú ar na bearta a bhaineann le hacmhainneacht arna n-agairt ag an mBeilg agus ag Lucsamburg chun údar a thabhairt leis na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta ar fud an Aontais*

(31) Is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na dialltaí ó na critéir a leagtar amach i bpointí 1.4(b) agus 1.4 (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, dá dtagraítear in aithrisí 29 agus 30, féadfar a mheas go bhfuil siad riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le pointe 1.4(d) den Iarscríbhinn sin, ar choinníoll go bhfuil an diall a breathnaíodh ón treocht CAAS fhadtéarmach ar fud an Aontais go heisiach mar gheall ar chostais bhreise arna suí a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta a bhaint amach i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

(32) Ag féachaint do na ríomhanna arna ndéanamh ag PRB, tugann an Coimisiún dá aire gurb é atá sa difríocht mheasta idir na costais arna suí le haghaidh TT3 a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg le haghaidh na bliana 2024 ná na costais arna suí agus a cheanglófaí chun an treocht CAAS fhadtéarmach ar fud an Aontais a chomhlíonadh agus thart ar EUR 19,4 milliún arna sloinneadh in EUR 2017.

(33) I leith na gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil seacht mbeart sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach chun spriocanna acmhainneachta a bhaint amach ('bearta a bhaineann le hacmhainneacht'), a mheasann an Bheilg a bheith riachtanach chun spriocanna acmhainneachta a bhaint amach agus lena dtabharfaí údar de réir na Beilge le dialltaí na spriocanna áitiúla feidhmíochta costéifeachtúlachta ó na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais. Baineann dhá cheann de na bearta sin a bhaineann le hacmhainneacht ('Bearta 1 agus 2') le skeyes agus baineann cúig cinn de na bearta sin a bhaineann le hacmhainneacht ('Bearta 3 go 7') le MUAC. Rinne an Coimisiún measúnú cheana féin ar na bearta sin a bhaineann le hacmhainneacht, mar a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, mar chuid den scrúdú mionsonraithe dá dtagraítear in aithris 1. Leagtar amach na torthaí gaolmhara i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

(34) Tá bearta 3 go 7 fós gan athrú sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, dá bhrí sin, tá na torthaí a rinne an Coimisiún le linn an scrúdaithe mhionsonraithe maidir leis na bearta sin fós bailí. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil Bearta 3 go 7 riachtanach agus comhréireach chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta a bhaint amach, ar bhonn na dtorthaí mionsonraithe a cuireadh i láthair i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336. Ar an láimh eile, rinne an Bheilg Bearta 1 agus 2 a mhodhnú sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, dá bhrí sin, ba ghá na bearta sin a athmheasúnú.

Measúnú ar Bheart modhnaithe 1

(35) Is é atá i mBeart 1 na rialtóirí aerthráchta ('ATCOnna') a bheith á n-earcú ag skeyes agus oiliúint a bheith á cur acu orthu chun leibhéil foirne ATCO leordhóthanacha a choinneáil ar bun in TT3 agus sa cheathrú tréimhse thagartha ('TT4').

(36) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin, i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, go bhfuil gá le Beart 1 chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla a bhaint amach. Mheas an Coimisiún, áfach, gur mhainnigh an Bheilg údar a thabhairt, sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, le hiomlán na gcostas a mhaítear a bheith tabhaithe i ndáil le Beart 1. Dá bhrí sin, fuarthas nach raibh údar maith le cuid de chostais Bheart 1 i bhfianaise bhaint amach na spriocanna acmhainneachta, ós rud é nach raibh bunús leis na costais sin tugtha ag an mBeilg le linn an scrúdaithe mhionsonraithe dá dtagraítear in aithris 1 lena n-áirítear maidir le tionchar costais maíte an bhoilscithe.

(37) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil meastacháin chostais mhéadaithe curtha i láthair ag an mBeilg do Bheart 1 do 2023 agus 2024 sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach. Míníonn an Bheilg go bhfuil sé sin mar gheall ar mhéideanna breise a bhaineann leis na costais foirne arna dtabhú ag skeyes ar luach saothair na n-oiliúnaithe rialtóra aerthráchta le haghaidh seirbhísí *faoi bhealach*. Deir an Bheilg gur fágadh na costais sin ar lár trí dhearmad ó chostais Bheart 1 sna dréachtphleananna feidhmíochta roimhe seo arna tíolacadh aici le haghaidh TT3.

(38) Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, tá na costais foirne bhreise dá dtagraítear in aithris 37 nasctha go díreach leis na bearta feabhsaithe acmhainneachta a glacadh de bhun Bheart 1 a shuigh an Coimisiún cheana féin, i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, go bhfuil siad ábhartha chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla a bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart a mheas go bhfuil na costais foirne bhreise sin comhréireach i bhfianaise an chuspóra chun soláthar sábháilte agus leanúnach na hacmhainneachta rialaithe aerthráchta is gá in TT3 ag skeyes a áirithiú. Is iomchuí, dá bhrí sin, i ndáil le Beart 1, na costais foirne sin a áireamh i ríomh na gcostas a mheastar a bheith riachtanach agus comhréireach chun spriocanna acmhainneachta a bhaint amach.

(39) Maidir le gach gné eile de Bheart 1, seasfar leis na conclúidí a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, ós rud é nach bhfuil aon argóint ná fianaise sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach a d'éileodh go ndéanfaí anailís an Choimisiúin a athoscailt.

Measúnú ar Bheart modhnaithe 2

(40) Baineann Beart 2 le nuachóiriú ag skeyes ar a chóras bainistíochta aerthráchta ('ATM') chun tacú le comhtháthú seirbhísí aerloingseoireachta sibhialta agus míleata agus chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar éifeachtúlachtaí oibríochtúla.

(41) I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, thug an Coimisiún dá aire go raibh dhá ghné i mBeart 2, eadhon uasghrádú meán-saolré chóras ATM skeyes atá ann faoi láthair agus córas bainistíochta aerspáis aonair, comhchuibhithe agus comhtháite a bheith á chur in ionad an chórais ATM atá ann faoi láthair, san fhadtéarma, atá le forbairt in éineacht le MUAC agus Cosaint na Beilge mar chuid den tionscadal 'Seirbhísí Aerthráchta Comhroinnte Córas 3' ('tionscadal SAS 3'). Thug an Coimisiún dá aire, áfach, i bhfianaise na faisnéise inchreidte a bhí ar fáil an tráth sin, go raibh amhras tromchúiseach ann faoi chur chun feidhme iarbhír thionscadal SAS 3. Ina theannta sin, d'eisiaigh an Coimisiún costais áirithe arna dtíolacadh faoi Bheart 2 ó na costais bhreise a mheastar a bheith riachtanach agus comhréireach maidir le spriocanna acmhainneachta a bhaint amach agus ar an gcaoi sin údar maith a thabhairt le diall ó spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais.

(42) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna an Bheilg Beart 2 a mhodhnú sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach i ndáil lena hábhar agus lena chostais araon. Ar thaobh amháin, deimhníonn an Bheilg go bhfuil an t-uasghrádú meán-shaolré atá beartaithe ar an gcóras ATM le cur chun feidhme in 2023-2024 mar bheart idirthréimhseach sula gcuirfear córas ATM nua i bhfeidhm ag deireadh TT4. Ar an láimh eile, aithníonn an Bheilg go bhfuil tionscadal SAS 3, arb é an cuspóir a bhí leis an córas ATM nua a fhorbairt, curtha ar fionraí toisc '*go raibh rioscaí an tionscadail i dtéarmaí raon feidhme, pleanála agus scóipe ró-ard do skeyes*'. De réir na Beilge, '*tá skeyes i mbun plé le Roinn Cosanta na Beilge faoi láthair chun an bealach is fearr chun cinn a shainiú le haghaidh nuachóiriú an chórais atá le coimisiúnú in 2028*'. Mar sin féin, ní chuireann an Bheilg aon rogha i láthair, sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, i bhfianaise tionscadal SAS3 a ionadú nó a mhodhnú.

(43) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go ndearnadh na costais a bhaineann le Beart 2 a mhodhnú le haghaidh 2023 agus 2024 sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach. Rinneadh na costais sin a athmheas síos i bhfianaise an stádais is déanaí atá ag infheistíochtaí an chórais ATM atá beartaithe.

(44) Ar bhonn na hanailíse ar an bhfaisnéis agus ar na hargóintí nuashonraithe a thíolaic an Bheilg, seasann an Coimisiún, i ndáil le Beart 2, leis na conclúidí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/1336. Is léir go mbeadh sé ró-luath aon chostais a bhaineann le córas ATM nua amach anseo a chur san áireamh, ar bhonn thionscadal SAS3 nó aon réiteach teicniúil malartach atá le roghnú ag skeyes, ós rud é nach ndearnadh an cinneadh infheistíochta gaolmhar agus nach bhfuil an infheistíocht beartaithe roimh dheireadh TT4. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Coimisiún a bharúil nach bhfuil ach costais dímheasa agus costas an chaipitil arna dtabhú go díreach le haghaidh infheistíochtaí in uasghrádú nó in athsholáthair chóras ATM le cur san áireamh chun údar a thabhairt le dialltaí ó spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais.

(45) Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis na costais bhreise a mheastar a bheith riachtanach agus comhréireach chun spriocanna feidhmíochta acmhainneachta a bhaint amach, is iad na costais atá le cur san áireamh i leith Bheart 2 na costais sin a bhaineann leis na costais dímheasa agus le costas an chaipitil arna thabhú le haghaidh an uasghrádaithe mheán-saolré ar chóras ATM skeyes, mar a shonraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

Conclúidí maidir leis na bearta a bhaineann le hacmhainneacht arna n-agairt ag an mBeilg agus ag Lucsamburg chun údar a thabhairt leis na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta ar fud an Aontais

(46) I leith na gcritéar a leagtar amach I bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tagann an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí 31 go 45, go bhfuil na costais arna gcur i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach le haghaidh Bhearta 1 agus 2 riachtanach agus comhréireach go páirteach chun spriocanna feidhmíochta acmhainneachta a bhaint amach, cé gurb amhlaidh i leith Bhearta 3 go 7 atá na costais a chuirtear i láthair riachtanach agus comhréireach go hiomlán chun an spriocanna sin a bhaint amach.

(47) Ag féachaint don anailís arna déanamh ag PRB, léirítear sa tábla seo a leanas tionchar ríofa airgeadaíochta na mbeart a bhaineann le hacmhainneacht ar an treocht CAAS do limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg maidir leis an mbliain ábhartha, is é sin 2024:

| Bearta a bhaineann le hacmhainneacht arna gcur i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach | Tionchar airgeadaíochta ar an treocht CAAS le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg, arna shloinneadh in EUR 2017, agus na costais á gcur san áireamh, ar costais iad a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach agus comhréireach chun spriocanna acmhainneachta a bhaint amach ([1]) |
|---|---|
| Beart 1 | EUR 8,2 mhilliún ([2]) |
| Beart 2 | EUR 0,3 mhilliún ([3]) |
| Beart 3 | EUR 4,3 milliún |
| Beart 4 | EUR 0,3 milliún |
| Beart 5 | EUR 4,7 milliún |
| Beart 6 | EUR 1,4 milliún |
| Beart 7 | EUR 0,3 milliún |
| **Iomlán** | **EUR 19,5 milliún** |

([1]) Ríomhanna bunaithe ar an innéacs boilscithe nuashonraithe a úsáidtear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach.
([2]) An méid athbhreithnithe lena léirítear an sciar de chostais Bheart 1 a shuigh an Coimisiún a bheith riachtanach agus comhréireach chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla a bhaint amach, i gcomhréir le haithrisí (47) agus (48).
([3]) An méid lena léirítear an sciar de chostais Bheart 2 a shuigh an Coimisiún a bheith riachtanach agus comhréireach chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla a bhaint amach, i gcomhréir leis na torthaí a leagtar amach in aithris (54). Níor athraíodh an méid sin ó rinneadh na bearta ceartaitheacha atá le déanamh ag an mBeilg agus ag Lucsamburg a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

(48) Is é a bhí sna bearta a bhaineann le hacmhainneacht a léirítear sa tábla in aithris 52 barrachas iomlán EUR 19,5 milliún arna shloinneadh in EUR 2017 i ndáil le bonn costais 2024. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil údar iomlán leis an diall breathnaithe EUR 19,4 milliún arna shloinneadh in EUR 2017 ón treocht CAAS fhadtéarmach ar fud an Aontais, a leagtar amach in aithris 32, de bharr na gcostas breise arna suí a bhaineann leis na bearta a bhaineann le hacmhainneacht a chuirtear i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach.

(49) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar na critéir a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

**Conclúid maidir leis an measúnú ar na bearta ceartaitheacha arna gceapadh chun comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta ar fud an Aontais a bhaint amach**

(50) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí 6 go 49, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil laghdú ar na costais arna suí le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge agus Lucsamburg mar thoradh ar na bearta ceartaitheacha a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach. Mar thoradh air sin, tá na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe ann ar cheart a mheas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT3..

**Athbhreithniú ar na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

(51) I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, chuir an Coimisiún ábhair imní in iúl maidir leis na spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt arna moladh ag an mBeilg sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe agus mheas sé go raibh an Bheilg le húdar breise a thabhairt leis na spriocanna sin nó chun iad a athbhreithniú síos.

(52) Tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta críochfoirt feabhsaithe le haghaidh na Beilge i leith na mblianta féilire 2023 agus 2024, lena n-áirítear laghdú ar na costais arna suí in EUR 1,8 milliún arna sloinneadh in EUR 2017 le haghaidh 2023 agus EUR 1,4 milliún arna sloinneadh in EUR 2017 le haghaidh 2024. Mar sin féin, tá treocht CAAS chríochfoirt na Beilge de +3,1 % le linn TT3 fós níos airde ná an treocht CAAS faoi bhealach de − 0,9 % le linn TT3, agus tá sé fós níos airde ná an treocht CAAS críochfoirt iarbhír de +0,5 % a breathnaíodh le linn TT2. Thairis sin, tá an críochfort CAAS fós níos airde le corrlach suntasach measta de 52,8 %, i gcomparáid le críochfort meánach CAAS a ghrúpa comparáide ábhartha aerfort. Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil aon údar breise curtha i láthair ag an mBeilg sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach maidir le leibhéal a spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta críochfoirt.

(53) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithris (52), measann an Coimisiún go bhfuil spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta críochfoirt na Beilge fós ina gcúis imní. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thuairim, dá bhrí sin, mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, gur cheart don Bheilg na spriocanna sin a laghdú nó údar leormhaith a thabhairt leo. Ba cheart don Bheilg aghaidh a thabhairt ar an mbarúil sin i ndáil le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh de bhun Airteagal 16, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

**Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317**

(54) Chinn an Coimisiún, i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336, go bhfuil an Bheilg le hathbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí i gcomhair bhaint amach na spriocanna acmhainneachta críochfoirt agus *faoi bhealach* ionas go socrófar an míbhuntáiste airgeadais uasta a eascraíonn as na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal ar a mbeadh tionchar ábhartha aige ar an ioncam atá faoi riosca. Tugann an Coimisiún dá aire, mar sin féin, gur choinnigh an Bheilg a scéimeanna dreasachta gan athrú sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach.

(55) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann na scéimeanna dreasachta acmhainneachta *faoi bhealach* agus críochfoirt arna leagan amach ag an mBeilg sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach de bheith ina gcúis imní. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thuairim, dá bhrí sin, gur cheart don Bheilg athbhreithniú a dhéanamh, i ndáil le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh de bhun Airteagal 16, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ar a scéimeanna dreasachta chun spriocanna acmhainneachta *faoi bhealach* agus críochfoirt a bhaint amach ar bhealach a fhágann go socraítear an míbhuntáiste airgeadais uasta a eascraíonn as na scéimeanna dreasachta sin ar leibhéal ag a bhfuil tionchar ábhartha ar an ioncam faoi riosca, mar a cheanglaítear go sainráite le hAirteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is é tuairim an Choimisiúin é gur cheart go mbeadh uas-mhíbhuntáiste airgeadais i gceist, sa chaoi sin, ar chomhionann le 1 % de na costais bhliantúla arna suí nó ar mhó ná sin mar thoradh ar an athbhreithniú sin.

**CONCLÚID**

(56) Ba cheart go bhfaighfí amach go bhfuil na bearta ceartaitheacha a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach i ndáil leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe le haghaidh limistéar muirearaithe na Beilge-Lucsamburg i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336. I ndiaidh na mbeart ceartaitheach sin, ba cheart na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe a mheas mar spriocanna atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha ar fud an Aontais le haghaidh TT3.

(57) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, nár thug an Bheilg, i ndáil lena dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach, aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas a bhaineann leis na torthaí a rinne an Coimisiún le linn an scrúdaithe mhionsonraithe dá dtagraítear in aithris (1) agus a cuireadh i láthair i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336:

(a) cur i bhfeidhm mícheart na bhforálacha dlíthiúla faoi seach lena rialaítear comhroinnt riosca tráchta, comhroinnt riosca costais agus scéimeanna dreasachta i leith MUAC;

(b) socruithe maoiniúcháin míchearta le haghaidh na gcostas arna dtabhú le haghaidh seirbhísí arna soláthar ag skeyes agus MUAC i limistéir thrasteorann;

(c) leithdháileadh mícheart na gcostas ascnaimh idir seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus críochfoirt i leith skeyes;

(d) leibhéal mícheart de na míbhuntáistí airgeadais uasta i scéimeanna dreasachta na Beilge lena dtacaítear leis na spriocanna acmhainneachta faoi bhealach agus críochfoirt a bhaint amach, dá dtagraítear in aithrisí 54 agus 55.

(58) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart don Bheilg aghaidh a thabhairt, gan mhoill, ar na torthaí a leagtar amach in aithris 57. Tá an chonclúid sin gan dochar d'aon imeacht um shárú, a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh i leith na dtorthaí sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na bearta ceartaitheacha a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach a chuir an Bheilg faoi bhráid an Choimisiúin an 7 Samhain 2023, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, i ndáil lena spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta i leith an tríú tréimhse thagartha, tá siad i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1336.

Tá na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach a chuir an Bheilg isteach an 7 Samhain 2023, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún ([5]).

*Airteagal 2*

Is ar Ríocht na Beilge atá an Cinneadh seo dírithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Adina-Ioana VĂLEAN
*Comhalta den Choimisiún*

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ÓN gCOIMISIÚN an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i leith an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (OJ L 195, 3.6.2021, p. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/891/oj)

*IARSCRÍBHINN*

**Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta críochnaitheach a chuir an Bheilg isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha**

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA SÁBHÁILTEACHTA**

**Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta**

| **An Bheilg** | **Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta**, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, i raon idir leibhéil A agus D de chuid Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ("EASA") | | |
|---|---|---|---|
| **An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann** | **An cuspóir bainistíochta sábháilteachta** | **2023** | **2024** |
| **skeyes** | Beartas sábháilteachta agus cuspóirí | C | **C** |
| | Bainistíocht riosca sábháilteachta | D | **D** |
| | Dearbhú sábháilteachta | C | **C** |
| | Cur chun cinn sábháilteachta | C | **C** |
| | Cultúr sábháilteachta | C | **C** |
| **MUAC** | Beartas sábháilteachta agus cuspóirí | C | **C** |
| | Bainistíocht riosca sábháilteachta | D | **D** |
| | Dearbhú sábháilteachta | C | **C** |
| | Cur chun cinn sábháilteachta | C | **C** |
| | Cultúr sábháilteachta | C | **C** |

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COMHSHAOIL**

**Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte iarbhír**

| **An Bheilg** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|
| **Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil,** arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte iarbhír | **3,00 %** | **3,00 %** |

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA hACMHAINNEACHTA**

**Meánmhoill ATFM eitilte *faoi bhealach* i nóiméid in aghaidh na heitilte**

| **An Bheilg** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|
| **Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**, arna sloinneadh i nóiméid moille ATFM in aghaidh na heitilte | **0,17** | **0,17** |

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**

**Costas aonaid arna shuí le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach***

| **Limistéar muirearaithe *faoi bhealach* na Beilge-Lucsamburg** | **Luach bonnlíne 2014** | **Luach bonnlíne 2019** | **2020-2021** | **2022** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi bhealach,** arna sloinneadh mar chostas aonaid *faoi bhealach* arna suí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017) | **EUR 81,78** | **EUR 83,26** | **EUR 189,52** | **EUR 104,47** | **EUR 90,34** | **EUR 80,26** |